# Siméadracht le Bataí Cuisenaire

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás – siméadracht<br>*Comhtháthú – Teanga agus Litearthacht, Na hEalaíona* |
| **Scileanna Forbartha** | Cumarsáid agus cur in iúl – éisteacht le cuntais agus míniúcháin mhatamaiticiúla de chuid páistí eile agus iad a phlé<br><br>Cumarsáid agus cur in iúl – próisis agus torthaí oibre a phlé agus a chlárú agus modhanna éagsúla a úsáid chuige<br><br>Réasúnaíocht – patrúin agus coibhnis mhatamaiticiúla a lorg agus a imscrúdú |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | líne shiméadrachta, ceartingearach, cothrománach, frithchaitheamh, achar |
| **Áiseanna** | bataí Cuisenaire, Uirlis Cuisenaire Mol Mata, pionnachláir, geochláir, páipéar cearnaithe 1 cm |

## Cur síos ar an nGníomhaíocht

Sa ghníomhaíocht seo, úsáideann daltaí bataí Cuisenaire chun pictiúir agus patrúin shiméadracha a fhiosrú.

### 1 Gníomhaíocht 1

Pléigh coincheap na siméadrachta frithchaití sa rang. Taispeáin samplaí ar an chlár idirghníomhach ag úsáid cruthanna, Uirlis Cuisenaire Mol Mata, nó láimhseoga eile le siméadracht fhrithchaiteach a léiriú. Pléigh na cineálacha difriúla de línte siméadrachta, i.e. ceartingearach, cothrománach agus trasnánach. Féach ar shamplaí de lógónna comhlachtaí ar an scáileán. Fiosraigh an bhfuil siad siméadrach.

### 2 Gníomhaíocht 2

Anois, iarr ar na daltaí na bataí a úsáid chun a gcuid pictiúr siméadrach a dhéanamh. Lig dóibh a roghnú cé acu atá an líne shiméadrachta ceartingearach, cothrománach nó trasnánach, nó meascán de dhá cheann acu, nó meascán d'iad ar fad. Úsáid gabháil scáileáin, grianghraif chun na pictiúir a thaifeadadh nó cóipeáil chuig páipéar cearnaithe 1 cm agus cruthaigh taispeántas ranga.

### 3 Gníomhaíocht 3

Oibríonn na daltaí i mbeirteanna, déanann dalta amháin pictiúr siméadrach neamhchríochnaithe agus iarrann sé/sí ar a c(h)omhscoláire é a chríochnú. Is féidir leis na daltaí pictiúir shiméadracha ina bhfuil achar réamhshainithe nó bataí a bhfuil uasluach réamhshainithe acu a úsáid chun a gcuid smaointeoireachta a shíneadh.
Is féidir na gníomhaíochtaí ar fad thuas a leasú chun a úsáid le pionnachlair nó le geochláir.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • An bhfuil an patrún/pictiúr seo siméadrach?<br>• Cá bhfuil an líne shiméadrachta sa phatrún/phictiúr seo?<br>• Cé mhéad líne shiméadrachta atá ag an bpatrún/bpictiúr seo? | • Cén tslí a bhfuil/nach bhfuil an pictiúr seo siméadrach?<br>• Conas is féidir linn an pictiúr seo a dhéanamh siméadrach? |

## Difreáil

Is féidir líon na mbataí úsáidte agus líon na línte siméadrachta atá de dhíth chun an pictiúr nó patrún a dhéanamh chun an ghníomhaíocht seo a chur in oiriúint do riachtanais shainiúla na ndaltaí.

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.